# Tidy Towns Competition 2007

## *Adjudication Report*

| | | | |
|---|---|---|---|
| Centre: | **Indreabhan** | Ref: | **1433** |
| County: | **Galway** | Mark: | **185** |
| Category: | **B** | Date(s): | **27/07/2007** |

| | Maximum Mark | Mark Awarded 2007 |
|---|---|---|
| Overall Development Approach | 50 | 25 |
| The Built Environment | 50 | 30 |
| Landscaping | 50 | 23 |
| Wildlife and Natural Amenities | 50 | 12 |
| Litter Control | 50 | 25 |
| Waste Minimisation | 20 | 6 |
| Tidiness | 30 | 11 |
| Residential Areas | 40 | 25 |
| Roads, Streets and Back Areas | 50 | 22 |
| General Impression | 10 | 6 |
| **TOTAL MARK** | **400** | **185** |

### Overall Development Approach:

Indreabhan was entered as part of the drive by SuperValu to work with communities to approve the environmental standards of their areas through participation in the National TidyTowns Competition. Areas were entered on the basis that they fall within the catchment area of the nearest SuperValu store and this 'baseline assessment' is intended to provide a basis on which progress could be made over the coming years through partnership with residents, businesses and local agencies. As such it should not be interpreted as a critique of the area but rather an opportunity for everybody to work together to make their hometown a better place to work, live and visit. As part of Supervalu's strategic approach to sustainable development in the area, a nominal mark has been given to reflect this. Further marks will be awarded in future years where more tangible TidyTowns structures are developed and local environmental plans prepared and implemented.

### The Built Environment:

Tá an-chuid foirgnimh in Indreabhán a fhéachann an-thaithneamhach ar fad, cuirim i gcás an t-ionad siopadóireachta. Cruthaionn na foirgnimh máguaird atmasféar sráidbhaile. Tá cuma breá ar an gComhar Creidmheasa, ar Choláiste Lurgain. Nil an caighdeán céanna le fail ins na foirgnimh san ionad fiontair taobh thiar rud nach bhféadfai a rá faoi Pháirc Ghnó Shailearno. Rian a láimhe fágtha ag duine éigin le ‘green fingers’ anseo. Ni hamháin go dtugann an séipéal ómós do Dhia ach cuidionn an phlandáil timpeall air go mór. Féachann Seanscoil Shailearno go hálainn ach tá gá le hathnuacan i gcás Oifig an Phoist. Loiteann an Statoil an iomha. Trid is trid cruthaionn na foirgnimh in Indreabhán iomha slachtmhar.

### Landscaping:

Caithfear glacadh leis go ndéanann an fharraige ionsai uafásach ar phlandai agus ar thoir mar sin bheadh sé fánach a cheapadh go bhféadfai claionna deasa a fhás timpeall na háite. Ach d’fhéadfai plandai samhraidh a

chur a lasfadh suas an tir ábharain.  B'fhiú dul i gcomhairle le lucht garraiodadórachta chun chomhairle anseo. Tá an cuma ar an scéal gur beag aire a thugtar dos na gáirdini in Tearmann Ainnin don Aosach, faraoir.

### Wildlife and Natural Amenities:

Áit a bhfuil fallai beidh fiashaol.  Áit a bhfuil an fharraige beidh raidhse de ann freisin.  Ach chun teacht i dtír ar an saibhreas,  seo an fhadhb.  B'fhéidir go gcabhródh comhoibriú leis an mbunscoil anseo chun taighde a dhéanamh ar fhiashaol na háite nó b'fhéidir go mbeadh eolas ag seanóiri na háite .   Ritheann sruthán trid an sráidbhaile ach thuigfeadh duine gur beag cúraim a thugtar dó.

### Litter Control:

Ba bheag locht a d'fhéadfai a fháil ar an bpriomhbhóthar.  Bhi piosaí  brúscair caite anseo is ansiúd.  Ach fuarthas tuilleadh brúscair i gcarr chlóis an Chumainn Chreidmheasa.  Áit a raibh boscai brúscairle fáil, d'fhéach siad caite go leor.  Gnó eile don Chomhairle Chondae.

### Waste Minimisation:

Tá sé inmholta go bhfuil Bring Bank in Indreabhán.  Tá an cuma ar an scéal go bhfuil gá len a leithéid mar bhi na bainc ar fad ag cur thar maoill ach, ar a laghad, tá tús curtha leis an scéim.  Moladh mór tuillte ag an scoil as gradam Bratach Uaithne a bhaint amach.  An aidhm atá leis an roinn seo den chomórtas ná dramhaíl agus brúscar a laghdú.  B'fhiú féachaint ar an leabhrán 'Race Against Waste' chun tionscnaimh a spreagadh, b'fhéidir.

### Tidiness:

Ni fhéadfai locht a fháil ar lár an bhaile ó thaobh slachtmhairechta de.  Féachann gan gné de go gleoite.  Néata, slachtmhar, glan.  Ach cruthaionn an easpa cúraim ar an mbóthar cuma mi-shlachtmhar.  Ar an chéad dul sios tá na fallai  ag titim as a chéile in áiteanna,  cúram don Chomhairle Chondae.  Anuas ar sin tá radharc na bhfichilli.  Cúram eile dóibh.

### Residential Areas:

Tithe priobháideacha a dhéanann suas na háiteanna cónaithe don chuid is mó.  Tithe iad a léirionn mórtas a muintire.  Tá eastát don Aosach i lár an bhalie, áit a bhfuil moladh mor tuillte as déaradh na dtithe féin agus a gcongaracht do cheart lár an bhaile.

### Roads, Streets and Back Areas:

Tá sé crua ar an eachtrannach a dhéanamh amach cá dtosnaíonn Indreabhán agus cá gcríochnaionn sé.  Gan comharthai bóthair.   Tá géarghá leis na comharthai baile seo.  Bóthar fada a dhéanann Indreabhán le roinnt cúlbhóithre ag rith sios i dtreo an chladaigh.  Is beag iarracht atá déanta chun sleacht a chur ar thaobh an bhóthair seo  Chabhródh sé go mór ach lámh a chur leis na fallai.  Mar tá dúchas ag baint leis na fallai seo.

### General Impression:

Cuairt an-thaithneamh.  Is mór an éacht é go bhfuil Indreabhán páirteach san chomórtas.  Cabhróidh an rannpháirtiocht leis an Tidy Towns Competition chun Indreabhán a chur chun cinn.